

Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais

# PLEAN OIBRE 2025-2026

#EUChildParticipation

Nollaig 2024

© Aontas Eorpach



## CÉARD É AN PLEAN OIBRE?

Cuidíonn an Plean Oibre linn tuiscint a fháil ar céard a bheidh ar siúl ag an Ardán sa 2 bhliain atá romhainn agus an obair sin a eagrú. Treoróidh an plean sin sinn chun dearcthaí agus tuairimí a fháil ó lear mór leanaí san Aontas Eorpach (is é sin ‘an tAontas’), agus cuideoidh sé chun go n-éistfidh lucht ceaptha beartas an Aontais lena nglór.


## CÉN CHAOI A NDEARNADH AN PLEAN OIBRE?

Le 2 bhliain anuas, mhol leanaí ábhair éagsúla a d’fhéadfadh an tArdán obair a dhéanamh orthu. Rinneadh sin le linn an chéad Chomhthionóil Ghinearálta i mí an Mheithimh 2023, cruinnithe den Bhord Comhairleach agus de Phainéal na Leanaí, agus sa chruinniú ‘Cruthaigh, Pleanáil, Bí Páirteach’ a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2024. Ag an gcruinniú sin i mí an Mheithimh:

- Bhreathnaíomar siar ar ar oibrigh an tArdán bunaithe ar Phlean Oibre 2023-2024.
- Bhreathnaíomar romhainn chun tobsmaointeoireacht a dhéanamh agus plé a dhéanamh ar na rudaí ba cheart a bheith sa Phlean Oibre 2025-2026 seo.

Roinn leanaí na rudaí is tábhachtaí dóibh. Bunaithe ar a gcuir siad in iúl, chuireamar le chéile liosta d’ábhair thábhachtacha don todhchaí agus rinneamar iad a mheaitseáil le tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh. Bhí tionchar díreach ag tuairimí na leanaí ar na ceithre phríomhréimse ar a ndíreofar in 2025-2026, rud a chinntíonn go léiríonn an Plean Oibre a dtosaíochtaí agus go ndéanfar gníomhaíochtaí coincréiteacha.

## Céard air a ndíríonn Plean Oibre 2025-2026?



- **Comhionannas deiseanna agus cuimsiú sóisialta:** Breathnú ar rochtain leanaí ar oideachas, cúram sláinte agus tithíocht mhaith.



- **Sábháilteacht ar líne:** Conas cuidiú leanaí a chosaint ar an idirlíon agus cuidiú leo a gcearta ar líne a thuiscint.



- **Meabhairshláinte agus folláine:** Conas cuidiú le leanaí mothú sásta sábháilte, san fhíorshaol agus ar líne.



- **Gníomhú ar son na haeráide:** Conas páirt níos mó a thabhairt do leanaí maidir leis an gcomhshaol a chosaint agus foghlaim conas aire a thabhairt don phláinéad.

## CÉN FÁTH A ROGHNAÍODH NA CEITHRE ÁBHAR SIN?

Díreoidh an tArdán ar cheithre ábhar chun a chinntiú go mbeidh an obair soláimhsithe agus fiúntach. Roghnaíodh na hábhair sin toisc go dtagann siad leis na rudaí is tábhachtaí dar leis na leanaí, agus lena bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach a bheith ag obair air sna blianta beaga atá ag teacht.

Trí dhíriú ar na hábhair chéanna leis an gCoimisiún Eorpach, is mó tionchar is féidir a bheith ag smaointe leanaí ar chinntí a dhéantar san Eoraip.

## CÉN CHAOI A N OIBRÍMID?

- Comhairliúcháin le leanaí ar bhealaí éagsúla, agallaimh, plé, agus suirbhéanna, cuir i gcás, chun smaointe agus moltaí leanaí a bhailiú.
- Cuairteanna staidéir agus cuairteanna piaraí le tíortha eile chun foghlaim ó chéile, féachaint conas a dhéantar beartais agus ábhair thábhachtacha ón bPlean Oibre a fhiosrú.
- Cruinnithe idirghníomhacha ar líne agus i bpearsa, le gníomhaíochtaí, cluichí, rólimirt, agus vótáil, mar shampla.
- Comhráite le saineolaithe, ionadaithe don Aontas, agus gníomhaithe óga chun smaointe a roinnt agus foghlaim óna dtaithí.
- Doiciméid thábhachtacha a shimpliú ina leaganacha soléite, chun gur féidir le leanaí iad a thuiscint agus aiseolas a thabhairt.



## Éist le leanaí

- **Comhairliúchán 1 – Comhionannas deiseanna agus cuimsiú sóisialta** (an chéad leath de 2025): Roinnfidh leanaí a dtaithí agus a dtuairimí maidir leis an tionchar atá ag an mbochtaineacht ar a saol, ar a n-oideachas, a sláinte agus a dtithíocht, cuir i gcás, agus maidir le céard is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar na rudaí sin agus ar réimsí eile a luadh i straitéis an Aontais um chearta an linbh. Cuideoidh sé sin le comhghleacaithe meastóireacht a dhéanamh ar an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus ar an Straitéis freisin.
- **Comhairliúchán 2 – Meabhairshláinte agus sábháilteacht ar líne** (2026): Roinnfidh leanaí a dtuairimí maidir le tionchar na timpeallachta ar líne, tionchar na meán sóisialta ar an meabhairshláinte san áireamh, maidir le rochtain ar sheirbhísí agus conas is féidir feabhas a chur orthu. Nascfar sin freisin leis an staidéar uile-Aontais ar thionchar na meán sóisialta ar an meabhairshláinte, mar a thugtar tuairisc air i dTreoirlíne Polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh do 2024-2029.

## Cuairteanna staidéir

- **Cuairt 1 – Cearta leanaí i ngníomh** (2025): Tabharfaidh leanaí cuairt ar thír le feiceáil conas a bhíonn tionchar ag rannpháirtíocht leanaí ar cheapadh beartas ar na leibhéil áitiúla agus náisiúnta.
- **Cuairt 2 – Gníomhú ar son na haeráide agus oideachas (2026):** Díreoidh an chuairt seo ar leanaí a bheith ag foghlaim faoi ghníomhú ar son na haeráide agus conas is féidir leo cuidiú chun an comhshaol a chosaint.

## Cuairteanna piaraí

- **Cuairt 1 – Sábháilteacht ar líne: agus cearta digiteacha** (2025): Tiocfaidh leanaí ó thíortha éagsúla le chéile chun smaointe a roinnt maidir le sábháilteacht ar líne: agus cearta digiteacha.
- **Cuairt 2 – Tacaíocht piaraí don mheabhairshláinte** (2026): Buailfidh leanaí le chéile agus fiosróidh siad conas is féidir leo tacú lena chéile ó thaobh na meabhairshláinte de ar scoil agus sa phobal.

## Beartais a dhéanamh níos éasca le tuiscint

- Cruthóimid leaganacha a bheidh soléite agus oiriúnach do leanaí de dhoiciméid beartais agus tuarascálacha tábhachtacha, an Plean Gníomhaíochta maidir le Cibearbhulaíocht agus Treoirlínte an Aontais maidir leis an bhfolláine agus an meabhairshláinte ar scoil, mar shampla, agus fiafróimid de leanaí céard a cheapann siad fúthu.





## CÉ A EAGRAÍONN NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ?

- Eagraíonn **an Ardrúnaíocht** obair an Ardáin agus cuidíonn sí lena chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí cuimsitheach agus oiriúnach do leanaí. Tá na comhpháirtithe ICF S.A., RPA, Save the Children, SOS Children's Villages, agus na saineolaithe Laura Lundy agus Cath Larkins, mar chuid di.

- Is éard atá i b**Painéal na Leanaí** 10-20 leanbh ó gach cearn den Eoraip. Roinneann siad smaointe, déanann siad athbhreithniú ar phleananna agus cuidíonn siad lena chinntiú go ndíríonn an tArdán ar a bhfuil de dhíth ó leanaí agus ag teastáil uathu.

- Is éard atá sa **Bhord Comhairleach** foireann saineolaithe agus leanaí a oibríonn le chéile chun obair an Ardáin a stiúradh. Tugann siad comhairle, déanann siad cinntí agus cinntíonn siad go bhfuil gach a ndéanann an tArdán sábháilte, cuimsitheach agus fiúntach do leanaí.

- Is cuid den Aontas Eorpach é **an Coimisiún**. Éisteann sé le smaointe na leanaí atá rannpháirteach san Ardán agus déanann sé iarracht iad a chur san áireamh i gcinntí an Aontais. Íocann sé as na gníomhaíochtaí.



# IS FÉIDIR LINN DIFEAR DEARFACH A DHÉANAMH SAN EORAIP, LE CHÉILE!

#EUChildParticipation

# PLEAN OIBRE 2025-2026